AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ
COMPANIES REGISTRATION OFFICE

# ICAV1

***Iarratas ó chuideachta Éireannach lena díchlárú mar chuideachta Éireannach tar éis a comhshó ina ICAV***

**Alt 142(2) Acht fá Ghléasanna Éireannacha um Chomhbhainistiú Sócmhainní 2015**

Uimhir na Cuideachta

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | |

*nóta a haon*

Dátstampa faighte an CRO & barcode

**Comhlánaigh le do thoil trí úsáid a bhaint as clóscríobh dubh nó as BLOCLITREACHA, agus déan tagairt do na nótaí míniúcháin**

Leis seo, tá

**Ainm na cuideachta**
*ina iomláine*
*Nóta a dó*

ag déanamh iarratais ar a bheith díchláraithe sa Stát mar chuideachta faoi Acht na gCuideachtaí 2014 ar an mbonn go ndearna Banc Ceannais na hÉireann an méid seo a leanas:

- iarratas na cuideachta a cheadú, faoi alt 140 den Acht fá Ghléasanna Éireannacha um Chomhbhainistiú Sócmhainní 2015, go leanfaidh an chuideachta ar aghaidh mar ghléas Éireannach um chomhbhainistiú sócmhainní (ICAV) agus
- ordú cláraithe ICAV a eisiúint maidir leis an aonán, a bhfuil cóip de i gceangal leis an bhfoirm seo.

Tá an chuideachta ag leanúint ar aghaidh mar ICAV leis na sonraí seo a leanas:

**Ainm ICAV**
*ina iomláine*
*Nóta a trí*

**Oifig chláraithe ICAV**
*ina iomláine*
*Nóta a ceathair*

**Uimhir Chláraithe ICAV**
*nóta a cúig*

**Dáta Chláraithe ICAV**
*nóta a sé*

Lá | Mí | Bliain

**Ríomhphost na cuideachta**

*Ainmnigh seoladh ríomhphoist le do thoil. Seolfar an deimhniú chuig an seoladh ríomhphoist sin i bhformáid leictreonach. Tá an fhaisnéis sin de dhíth.*

**Deimhniúchán**
*nóta a seacht*

**Tá cóip den ordú cláraithe a d'eisigh an Banc Ceannais i gceangal leis an bhfoirm seo**

Deimhním leis seo go bhfuil na mionsonraí go léir san fhoirm seo ceart agus gur soláthraíodh iad de réir na Nótaí ar Fhoirm ICAV1 a Chomhlánú.

Síniú

Ainm *i mbloclitreacha nó i gclóscríbhinn*

☐ Stiúrthóir ☐ Rúnaí

Dáta

**Mionsonraí an deontóra**

Nóta a hocht

| | | |
|---|---|---|
| Ainm | | |
| Seoladh | | |
| | | |
| Uimhir teileafóin | | Uimhir faics |
| Ríomhphost | | Teagmhálaí |
| Uimhir/Malartán DX | | Uimhir thagartha |

## NÓTAÍ AR FHOIRM ICAV1 A CHOMHLÁNÚ

**Ba chóir na nótaí seo a léamh i gcónasc leis an reachtaíocht iomchuí.**

***Ginearálta*** Ní mór an fhoirm seo a chomhlánú i gceart, ina hiomláine agus de réir na nótaí seo a leanas. Ní mór gach mír den fhoirm a chomhlánú.

***nóta a haon*** Is é seo an uimhir chuideachta (i., a huimhir aitheantas ar chlár cuideachtaí CRO) agus ní hí an uimhir a shannann Banc Ceannais na hÉireann don ICAV nua.

***nóta a dó*** Ainm na cuideachta mar atá sé faoi láthair ar an gclár cuideachtaí CRO.

***nóta a trí*** Ainm iomlán an ICAV mar atá sé ar Ordú Cláraithe ICAV an Bhainc Cheannais, a rinneadh faoi alt 142(1)(a) den Acht fá Ghléasanna Éireannacha um Chomhbhainistiú Sócmhainní 2015.

***nóta a ceathair*** Seoladh iomlán oifig chláraithe an ICAV mar atá sé ar chlár ICAV an Bhainc Cheannais.

***nóta a cúig*** Mar atá ar ordú cláraithe an Bhainc Cheannais

***nóta a sé*** Dáta eisiúna an Ordaithe Cláraithe ICAV ón mBanc Ceannais faoi alt 142(1)(a) den Acht fá Ghléasanna Éireannacha um Chomhbhainistiú Sócmhainní 2015.

***nóta a seacht*** Cuir tic sa bhosca/sna boscaí iomchuí. **Caithfidh** oifigeach atá ag obair don chuideachta faoi láthair an fhoirm seo a dheimhniú.

***nóta a hocht*** Bíonn ar an duine a thugann an Fhoirm G1Q go dtí an CRO an mír seo a chomhlánú. Is féidir leis an iarrthóir é seo a dhéanamh nó is féidir le duine eile é seo a dhéanamh ar a s(h)on.

### Tuilleadh faisnéise

***Seoladh CRO*** Oifig Poiblí: Teach Bloom, Plás Gloucester Íochtarach, Baile Átha Cliath 1.
Nuair a bheidh an fhoirm comhlánaithe agus sínithe agat, seol ar aghaidh í le do thoil leis an táille forordaithe chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí ag:

An Oifig um Chlárú Cuideachtaí,
Teach Bloom,
Plás Gloucester Íochtarach,
Baile Átha Cliath 1.

***Íocaíocht*** Más ag íoc le seic, ordú poist nó dréacht bainc atá tú, íoc an táille leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí le do thoil. Ní mór seiceanna nó dréachtaí bainc a tharraingt ar bhanc i bPoblacht na hÉireann.

**Déan staidéar *géar* ar na nótaí míniúcháin thuas le do thoil. Foirm ICAV1 nach bhfuil críochnaithe i gceart nó nach bhfuil na doiciméidí nó na táillí cearta ag dul leis cuirfidh an CRO ar ais í chuig an té a sheol í.**

**TÁ A THUILLEADH FAISNÉISE AR FHOIRM ICAV1 A CHOMHLÁNÚ AR FÁIL AR WWW.CRO.IE NÓ TRÍD AN R-PHOST Ó INFO@CRO.IE**